

# BONNEAGAR

Tá bonneagar nua, lena bhfeabhsófar sábháilteacht os comhair scoileanna, á fhorbairt ag scoileanna a chuir iarratas isteach ar Chrios Scoile mar chuid de Chlár SRTS. Bainfidh Criosanna Scoile úsáid as gnéithe deartha coitianta agus inaitheanta. Cuirtear na gnéithe sin i bhfeidhm bunaithe ar riachtanais agus ar mhianta na scoile agus is féidir dromchlaí, comharthaíocht i bhfoirm marcálacha bóthair péinteáilte, mullaird phionsail agus meirgí ar chuaillí sráide a bheith san áireamh leo.

SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

**CRIOS SCOILE**

**SCHOOL ZONE**

### Dromchlú

Tarraingítear aird ar an gCrios Scoile le dromchla ardaithe, uigeach nó daite agus spreagann sé tiománaithe chun moilliú

### Mullaird Phionsail

Tá mullaird phionsail dhaite feadh imeall an chosáin laistigh de Chrios Scoile ina mbacainn chosanta i gcoinne carranna

### Marcálacha Bóthair

Tá comharthaíocht péinteáilte marcáilte ar dhromchlaí bóthair asfailt chun a léiriú go bhfuil tú i gCrios Scoile

### Comharthaíocht

Taispeántar meirgí agus comharthaí bóthair ar chuaillí sráide chun a léiriú go bhfuil tú ag druidim le geata an Crios Scoile






# CAD IS CRIOS SCOILE ANN?

Tagraíonn ‘Criosanna Scoile’ do na huasghráduithe bonneagair thógtha atá á bhforbairt os comhair scoileanna ar fud na hÉireann. Dearadh na suiteálacha agus na gnéithe nua sin chun trácht a laghdú ag geataí scoile agus chun rochtain shábháilte a fheabhsú do leanaí. Tá sé mar aidhm ag an mbróisiúr seo ceisteanna a fhreagairt a d’fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí nó caomhnóirí faoi Chriosanna Scoile.

- Cad é an aidhm atá le Crios Scoile?
- Cé a bhaineann tairbhe as Crios Scoile?
- Cad iad na cúinsí deartha do Chriosanna Scoile?



## AIDHM AN CRIOS SCOILE

Is é is aidhm do Chriosanna Scoile a fhorbairt ná tús áite a thabhairt do dhaltaí ionas go mbeidís ábalta siúl agus rothaíocht chun na scoile go sábháilte. Cruthaíonn trácht os comhair na scoile le linn amanna fágála agus bailithe guais sábháilteachta do leanaí scoile agus déanann sé díobháil do chaighdeán an aeir. Chun an limistéar os comhair na scoile a dhéanamh níos sábháilte ní mór dúinn carranna a choimeád amach ó chosáin, líon na bhfeithiclí a thugann leanaí isteach ann, a bhailíonn leanaí ann agus a fhágtar ar réchasadh ann a laghdú.

## DEARADH AN CRIOS SCOILE

I gCrios Scoile, is é an cuspóir deartha foriomlán chun brú tráchta a laghdú agus sábháilteacht a mhéadú os comhair na scoile. Úsáideann an bonneagar gnéithe deartha coitianta agus inaitheanta, a bhfuil sé mar aidhm acu timpeallacht níos sábháilte, níos ciúine agus níos tarraingtí a chruthú ag geata na scoile.

## CÉ A BHAINEANN TAIRBHE AS?

Bainfidh do leanaí tairbhe as Criosanna Scoile mar beidh siad ina spás poiblí sábháilte agus sláintiúil dóibh chun an scoil a rochtain. Trí spás a sholáthar le haghaidh siúil agus rothaíochta, is féidir lenár bpobail taitneamh a bhaint as cáilíocht aeir níos glaine, sráideanna agus bóithre níos sábháilte, agus spásanna poiblí níos beoga agus níos cuimsithí.




SRTS

# SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

Seoladh an Clár SRTS i mí an Mhárta 2021 agus bhí deis ag gach scoil in Éirinn iarratas a chur isteach ar uasghráduithe os comhair na scoile chun rochtain níos sábháilte a thabhairt do shiúlóirí, leanaí ar rothair agus gach duine a thagann chun na scoile. Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bonneagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.

**S:** @SRTS_Ire
**W:** www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/
**E:** srts@eeu.antaisce.org
**T:** +353 1 400 2222
**A:** EEU An Taisce Unit 5a
Swift's Alley, Francis Street
Dublin, D08TN88
Ireland




Léaráid Ealaíontóra